Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2022
(OR. en)

14542/22

LIMITE

CORLX 1051
CFSP/PESC 1519
CODUN 58
COARM 229
CONUN 266

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 4 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle mar thaca le cur chun feidhme tionscadail maidir leis 'Scód a Ligean leis an Nuálaíocht: Teicneolaíochtaí Cumasúcháin agus an tSlándáil Idirnáisiúnta' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2022) 268.

---

Faoi iamh: HR(2022) 268

PUBLIC

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 4 Samhain 2022**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle mar thaca le cur chun feidhme tionscadail maidir le 'Scód a ligean leis an Nuálaíocht: Teicneolaíochtaí Cumasúcháin agus an tSlándáil Idirnáisiúnta'**

**HR(2022) 268**
*Limited*

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ll/mm/2022**

**mar thaca le cur chun feidhme tionscadail maidir le 'Scód a ligean leis an Nuálaíocht: Teicneolaíochtaí Cumasúcháin agus an tSlándáil Idirnáisiúnta'**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh ('Straitéis Dhomhanda an Aontais')[1], cuirtear i dtreis go mbeidh an tAontas ag cur lena rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann.

(2) I Straitéis 2018 an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha (SALW) agus a n-armlón, 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint'[2], luaitear go mbainfidh an tAontas úsáid as ionstraimí ábhartha chun tacú le taighde agus forbairt i réimse na teicneolaíochta iontaofa costéifeachtaí chun SALW agus a n-armlón a dhaingniú agus chun na rioscaí a bhaineann le hatreorú a mhaolú. Ina theannta sin, thug an Chomhairle dá haire, sna conclúidí uaithi agus í ag glacadh na Straitéise, na hathruithe a bhí tagtha sa chomhthéacs slándála, lena n-áirítear bagairt na sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas agus forbairtí i ndáil le dearadh SALW agus i ndáil le teicneolaíocht a mbíonn tionchar acu ar chumas na rialtas aghaidh a thabhairt ar an mbagairt.

(3) Luaitear sa Straitéis Eorpach maidir leis an Intleacht Shaorga[3] gurb é an prionsabal treorach a bheidh ag gach tacaíocht don taighde a bhaineann leis an intleacht shaorga go ndéanfaí 'intleacht shaorga fhreagrach' a fhorbairt. Luaitear inti freisin, ós rud é gur féidir an intleacht shaorga a thrádáil go héasca thar theorainneacha, gurb iad na réitigh dhomhanda

[1] An tAontas Eorpach, *Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe, A Global Strategy for the European Union's Foreign and Security Policy* [Fís Chomhroinnte, Gníomhaíocht Choiteann: Eoraip Níos Láidre, Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh], an Bhruiséil, Meitheamh 2016.

[2] Comhairle an Aontais Eorpaigh, Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis de chuid an Aontais a ghlacadh i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a n-Armlón, an Bhruiséil, an 19 Samhain 2018, 13581/18.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le *Artificial Intelligence for Europe* [Intleacht Shaorga don Eoraip], an Bhruiséil, an 25 Aibreán 2018, COM/2018/237

amháin a bheidh inbhuanaithe sa réimse sin, agus go gcuirfidh an tAontas úsáid na hintleachta saorga chun cinn, mar aon le húsáid teicneolaíochtaí i gcoitinne, chun dúshláin dhomhanda a réiteach, chun tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(4) Thug Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe dá aire, i dtuarascáil 2021 dar teideal *Current developments in science and technology and their potential impact on international security and disarmament efforts* [Forbairtí reatha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil idirnáisiúnta agus ar iarrachtaí dí-armála][4], gur mó an imní anois faoi fhorbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht atá ábhartha don tslándáil agus don dí-armáil a bheith ag dul róthapa do na creataí normatacha agus rialachais lena bhféachtar lena dtuiscint agus a mbainistiú.

(5) Is mian leis an Aontas rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann agus leis an leas a d'fhéadfaí a bhaint as deiseanna na dteicneolaíochtaí nua, mar aon le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leo, agus é sin ar fad tríd an gcóras iltaobhach um dhí-armáil agus rialú arm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, agus Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a n-Armlón, agus Straitéis an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga á gcur san áireamh, na gníomhaíochtaí den tionscadal a bheidh á dtacú ag an Aontas, beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas acu:

1.1 Tacú leis an obair a dhéanann UNIDIR faoina Chlár Slándála agus Teicneolaíochta (SECTEC) d'fhonn feabhas a chur ar an eolas agus ar an tuiscint ar theicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn agus atá ábhartha don tslándáil idirnáisiúnta.

1.2 Na gníomhaíochtaí faoin tionscadal, déanfaidh siad an méid seo a leanas go háirithe:

a) Teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn, chomh maith le feidhmeanna nua na dteicneolaíochtaí atá ann cheana, a fhaire, a shainaithint agus a thuiscint le go mbeifear in ann eolas inúsáidte a sholáthar do lucht ceaptha beartas agus lucht déanta cinntí maidir leis na réimsí teicneolaíochta atá á scrúdú, bunaithe ar fhianaise atá fónta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heolaíochta de.

[4] Na Náisiúin Aontaithe, Tuarascáil ón Ard-Rúnaí, an 19 Iúil 2021, A/76/182

b) Féachaint le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhféadfaí teicneolaíochtaí cumasúcháin nua a úsáid, agus ar an éifeacht a d'fhéadfaí a bhaint amach leo, i gcomhthéacsanna slándála. Leis an obair a bheidh á déanamh faoin gcolún seo, díreofar freisin ar an gcóineasú arb ann dó níos mó agus níos mó idir na teicneolaíochtaí éagsúla agus a bhfeidhmeanna trasréimseacha. Áirítear leis an méid sin, go háirithe, an chaoi a múnlóidh dul chun cinn na dteicneolaíochtaí cumasúcháin cineál na gcoinbhleachtaí agus an bhláir catha amach anseo.

c) Féachaint an bhfuil dúshláin nua rialachais ag baint le nuatheicneolaíochtaí cumasúcháin agus, má tá, cén chaoi ar féidir an gnáthbhosca uirlisí don rialú arm a nuachóiriú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ina theannta sin, fiosróidh an tionscadal comhlántacht na ngnáthbheart um rialú arm le bearta rialachais níos leithne na teicneolaíochta, bearta lena bhféadfaí rannchuidiú leis na spriocanna céanna a bhaint amach, mar atá an tslándáil, an chobhsaíocht, an tsábháilteacht, laghdú riosca agus neamhleathadh.

Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh UNIDIR a chúram faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNIDIR.

*Airteagal 3*

1. Is é [EUR XXX] a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. An caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1, déanfar é a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoinítear leis an méid dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNIDIR. Sonrófar sa chomhaontú ranníocaíochta go bhfuil ar UINIDIR infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú, infheictheacht a bheidh i gcomhréir lena méid.

4. An comhaontú dá dtagraítear i mír 3, féachfaidh an Coimisiún lena thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a tugadh an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha comhpháirteacha rialta gach ráithe ó UNIDIR. Beidh na tuarascálacha sin ina mbonn leis an meastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 24 mhí tar éis don chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a bheith tugtha i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm murar tugadh aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC